CINNTÍ

CINNEADH (Euratom) 2023/225 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Eanáir 2023

maidir le síneadh a chur le stádas comhghnóthais Hochtemperatur-Kernkraftwerk GmbH

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 49 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 74/295/Euratom ([1]), bhunaigh an Chomhairle Hochtemperatur-Kernkraftwerk GmbH (HKG) mar chomhghnóthas ar feadh tréimhse 25 bliana amhail ón 1 Eanáir 1974.

(2) Ba iad cuspóirí HKG stáisiún cumhachta núicléiche a bhfuil toilleadh de thart ar 300 MWe aige a thógáil, a threalmhú agus a oibriú ag Uentrop (ceantar Unna) i bPoblacht Chónaidmhe na Gearmáine.

(3) Tar éis dó a bheith ag feidhmiú ó 1987 go 1988, dúnadh an stáisiún cumhachta núicléiche ar deireadh an 1 Meán Fómhair 1989 mar thoradh ar dheacrachtaí teicniúla agus eacnamaíocha.

(4) Ón 1 Meán Fómhair 1989 is é cuspóir HKG clár a chur chun feidhme chun an stáisiún cumhachta núicléiche a dhíchoimisiúnú go dtí céim an iniaimh shábháilte agus, ina dhiaidh sin, clár faireachais a chur i gcrích ar na suiteálacha núicléacha lena mbaineann.

(5) Le Cinneadh 2011/362/Euratom ([2]), chuir an Chomhairle síneadh le stádas HKG mar chomhghnóthas go dtí an 31 Nollaig 2017 chun a chur ar chumas HKG a chláir díchoimisiúnúcháin agus faireachais a thabhairt chun críche, go háirithe tríd an ualach airgeadais a laghdú.

(6) Chomhfhreagair an tréimhse sínithe d'fhad na socruithe a tugadh i gcrích idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Stát Nordrhein-Westfalen, HKG agus a chomhaltaí chun gníomhaíochtaí HKG a mhaoiniú.

(7) Le litir dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2021, d'iarr HKG go gcuirfí síneadh breise leis an stádas comhghnóthais le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2018, go dtí an 31 Nollaig 2022, a chomhfhreagraíonn d'fhad na socruithe breise a tugadh i gcrích idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Stát Nordrhein-Westfalen, HKG agus a chomhaltaí chun gníomhaíochtaí HKG a mhaoiniú.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le stádas comhghnóthais HKG ar feadh na tréimhse a iarradh.

(9) Tar éis an 31 Nollaig 2022, beidh aon síneadh breise ar stádas Comhghnóthais HKG faoi réir iarratas ar cheadúnas díchoimisiúnúcháin a bheith curtha isteach ag HKG,

([1]) Cinneadh 74/295/Euratom ón gComhairle an 4 Meitheamh 1974 maidir leis an gcomhghnóthais Hochtemperatur-Kernkraftwerk GmbH (HKG) a bhunú (IO L 165, 20.6.1974, lch. 7).

([2]) Cinneadh 2011/362/Euratom ón gComhairle an 17 Meitheamh 2011 maidir le síneadh a chur leis an stádas atá ag Hochtemperatur-Kernkraftwerk GmbH (HKG) mar ghnóthas comhpháirteach (IO L 163, 23.6.2011, lch. 24).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, cuirtear síneadh 5 bliana leis an stádas comhghnóthais, de réir bhrí an Chonartha, a deonaíodh do Hochtemperatur-Kernkraftwerk GmbH ("HKG"), le héifeacht ón 1 Eanáir 2018.

2. Is é an cuspóir a bheidh ag HKG clár a chur chun feidhme chun díchoimisiúnú a dhéanamh ar an stáisiún cumhachta núicléiche atá suite in Uentrop (ceantar Unna) i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, go dtí céim an iniaimh shábháilte agus, ina dhiaidh sin, clár faireachais a chur i gcrích ar na suiteálacha núicléacha atá faoi iamh.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a dtabharfar an fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig HKG.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. KULLGREN